

Dínit san Ionad Oibre

Beartas Frithbhulaíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc.

Scóip:

Baineann an polasaí seo leis an ngaol i measc oibrithe, idir fhostaithe agus bhainistíocht, agus idir fhostaithe Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc agus an Bord Bainistíochta. Sa cháipéis seo tabharfar “an gearánaí” ar dhuine a dhéanann gearán faoi bhulaíocht nó faoi chiapadh gnéasach, bíodh gur fear nó bean atá i gceist, agus “an freagróir” ar an té a ndearnadh líomhaintí faoi nó fúithi. Ní thugann sé seo le fios go bhfuil aon chiontacht ag baint le duine go ndéantar líomhaintí ina leith. Gach tagairt a dhéantar d’fhear, tuigtear go mbainfeadh sé le bean chomh maith, agus a mhalairt. I gcás easaontais tabharfar tosaíocht don leagan Gaeilge den bheartas seo.

Réasúnaíocht:

- Tá dualgas reachtúil ar an mBord Bainistíochta féachaint chuige go bhfuil polasaí i bhfeidhm a léiríonn na prionsabail agus na luachanna oideachasúla a bhaineann le fealsúnacht oideachasúil agus reiligiúnach na scoile.
- De réir riachtanais na Roinne Oideachais agus Scileanna caithfidh polasaí scríofa faoin mbulaíocht bheith ag gach aon scoil.
- Mar sin, agus chun cloí leis an dualgas agus an riachtanas seo, spreagadh gach aon bhall de phobal na scoile páirt a ghlacadh maidir leis an bpolasaí seo faoi bhulaíocht a chur le chéile, a fhorbairt, agus athbhreithniú a dhéanamh air, ionas go ndéanfar comhpháirtíocht, úinéireacht, agus cur i bhfeidhm ar pholasaí beo.
- Is gné amháin de na cleachtais a bhaineann le ceisteanna “Sláinte Agus Sábháilteacht” taobh istigh de limistéir na scoile é an polasaí seo.

Nasc leis an Ráiteas Misin:

Tá an polasaí seo ceangailte le ráiteas misin na scoile a bhfuil sé mar aidhm aige go ndéanfar forleathnú comhchuí iomlán intleachtach, morálta, fisiceach, cultúrtha agus spioradálta a chur chun cinn, i gcomhar le gaol beo le Dia agus le daoine eile.

Nasc le hÉiteas na Scoile:

Tá nasc ag an bpolasaí seo le ráiteas éitis na scoile: “Tá Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc múnlaíthe ar fhealsúnacht na beatha atá bunaithe ar chreideamh i nDia agus bunaithe ar shaol, ar bhás agus ar aiséirí Íosa Críost”.

Is é ár dtoilmhian an ceangaltas seo a léirítear sa ráiteas misin agus sa doiciméad éitis a chomhlíonadh trí atmaisféar a chothú ina léireofar meas, tuiscint agus misniú i measc an phobail a oibríonn, a mhúineann agus a fhoghlaimíonn sa scoil, ionas gur féidir ionchur agus forleathnú gach aon duine a aithint, agus gur féidir le cách obair le chéile ar mhaithe leis an bhfás pearsanta agus leas an phobail.

Sainmhíniú ar Bhulaíocht agus ar Chiapadh:

Chun chríche an pholasaí seo faoi “Dínit san Ionad Oibre”, is é an sainmhíniú ar bhulaíocht san ionad oibre ná:

“ Is éard atá i mbulaíocht san ionad oibre ná iompar míchuí a dhéanann duine amháin nó níos mó in aghaidh duine nó daoine eile arís is arís eile, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm chainte, go corpartha nó eile, san ionad oibre agus/nó le linn fostaíochta agus a d’fhéadfaí a mheas go réasúnta go mbainfeadh sé de cheart an duine dínit a bheith aici nó aige ag an obair. Má tharlaíonn eachtra amháin den chineál seo d’fhéadfadh sé gur masla do dhínit ag an obair a bheadh ann ach ós rud é nár tharla sé ach an t-aon uair amháin ní ghlactar leis gur bulaíocht é”.
(Tuarascáil an Tascfhórsa um Chosc ar Bhulaíocht san Ionad Oibre 2001).

Maidir le “bulaíocht”, “ciapadh”, “ciapadh gnéasach”, agus “easpa urraime”, ní bhaineann a raibh ar intinn ag an bhfreagróir leis an scéal ar chor ar bith. Ní aon leithscéal é nach raibh sé ar intinn aige nó aici bulaíocht, ciapadh nó ciapadh gnéasach a dhéanamh nó easpa urraime a léiriú.

- Ní ceart na cúrsaí seo a mheascadh le coinbhleacht idirphearsanta a tharlaíonn san ionad oibre. D’fhéadfadh go mbeadh strus agus damáiste ag baint leis na cúrsaí seo, ach iontu féin, ní gá gur eachtraí de bhulaíocht atá iontu.
- Ní ceart na cúrsaí seo a mheascadh le gnáth chur i bhfeidhm na ndualgas a bhíonn á cur i bhfeidhm ag foireann bhainistíochta na scoile.
- Ní ceart na cúrsaí seo a mheascadh le deacrachtaí a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch, mar tá nósanna imeachta aitheanta ann a chuirfeadh i bhfeidhm maidir leosan.

Baineann bulaíocht agus ciapadh le hiompar nár briogadh, nach bhfuil fáilte roimhe, atá córasach, imeaglach, bagrach don fhaighteoir. D’fhéadfadh an cur isteach bheith fisiceach, ó bhéal, nó síceolaíoch, bheith ionsaitheach oscailte nó déanta go caolchúiseach. Go ginearálta tuigtear gur rud leanúnach diansheasmhach atá i mbulaíocht agus i gciapadh.

Is féidir go mbeadh tionchar millteach ag bulaíocht agus ag ciapadh, ar fheidhmíocht oibre, ar shláinte agus ar shaol phearsanta an duine taobh amuigh den ionad oibre.

Tuigtear go minic go dtarlaíonn bulaíocht idir fhostaí agus bhall den bhainistíocht, ach is féidir go dtarlódh an bhulaíocht seo i measc ball iomlán na foirne. Is féidir go ndéanfaí bulaíocht ar dhuine aonair, nó go ndéanfaí a leithéid do ghrúpa, nó do chomhghleacaí, nó do dhuine a bhí níos sinsearaí ná an freagróir. Tarlaíonn sé go ndéanann grúpaí daoine bulaíocht ar ghrúpaí eile. Chomh maith leis seo, breathnaítear ar an mbulaíocht a dhéanfaidh dalta ar dhalta eile mar choir thromchúiseach agus déanfar déileáil leis faoi pholasaí frithbhulaíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc.

Cé nach liosta idirghabhálach na samplaí seo de bhulaíocht agus de chiapadh, caithfear cuimhneamh air go bhféadfaí cás faoi bhulaíocht a ghlacadh má bhíonn duine ag gníomhú ar bhealach míchuí maidir le duine eile agus gur féidir leis an ngearánaí a thabhairt le fios gur gortaíodh é nó í.

Is féidir na samplaí seo a áireamh maidir le bulaíocht:

- Forrántacht oscailte, screadach, drochíde, stánadh, spiaireacht, gáirsiúlacht, íospairt a léiriú in aghaidh duine eile
- Gothaí maslacha, garbhimirt, teagmháil fhisiceach nár lorgaíodh
- Leasainmneacha maslacha nó gránna a úsáid
- Bheith ag síorchaitheamh anuas ar dhuine, ábhar ghreanntaíochta a dhéanamh de dhuine, síorshéideadh, fonóid a dhéanamh faoi/fúithi
- Cúlchaint mhailíseach a scaipeadh faoi chomhghleacaí oibre
- Monatóireacht iomarcach a dhéanamh ar chomhghleacaí agus cáineadh leanúnach míréasúnta a dhéanamh faoi mhionrudaí
- Iompar a bhainfeadh an bonn de dhuine, den obair nó de na mórghníomhartha a rinne an duine sin
- Réimsí freagrachta oibre a bhaint de dhuine gan fáth inchosanta
- Spriocanna doshroichte míréasúnta a lorg ó fhostaí, nó athruithe ar riachtanais oibre a chur i bhfeidhm ar oibrí gan a rá leis an duine sin, agus locht a fháil nuair nach féidir na spriocanna nó na riachtanais seo a shroicheadh.
- Faisnéis a bhaineann le hobair a choinneáil ó dhuine go míréasúnta
- Imeallú a dhéanamh ar dhaoine, eisiámh ó chinntí, ó phlé, a imirt orthu, gan a bheith sásta déileáil go díreach le daoine áirithe

Nósanna Imeachta maidir le hIniúchadh agus Réiteach Gearán faoi Bhulaíocht nó Chiapadh san Ionad Oibre

Fáth le Nós Imeachta Maidir le Gearán a Dhéanamh

- Meicníocht chothrom, comhsheasmhach, gasta a chur ar fáil le hiniúchadh a dhéanamh ar ghearáin faoi bhulaíocht nó chiapadh a dhéantar in aghaidh fhostaithe

An córas seo a chur i bhfeidhm ar bhealach a aithníonn cearta iomlán na ndaoine a bhaineann leis maidir leis an gceartas aiceanta

- Imlíniú a dhéanamh ar na prionsabail seo chomh fada agus a bhaineann sé leis an bhfostóir, an fostaí, agus a gcuid ionadaithe sa chás go ndéantar gearáin maidir le bulaíocht nó ciapadh

Is Féidir an Nós Imeachta seo a Chur i bhFeidhm Maidir Le

- Gearán faoi bhulaíocht/chiapadh a dhéanann ball fhoirne in aghaidh bhaill eile
- Gearán faoi bhulaíocht/chiapadh a dhéanann ball fhoirne in aghaidh ionadaí den fhoireann bainistíochta
- Gearán faoi bhulaíocht/chiapadh a dhéanann ionadaí den fhoireann bainistíochta in aghaidh ball fhoirne

Ní Chuirfear an Nós Imeachta seo i bhFeidhm Maidir Le

- Gearán faoi bhulaíocht/chiapadh a dhéanann ball fhoirne in aghaidh mac léinn. Láimhseofar na gearáin seo faoi “Polasaí Frithbhulaíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc”
- Ábhair a bhaineann le cumas profisiúnta mhúinteoirí nach féidir déileáil leo ag leibhéal na scoile nó a chuirfear ar aghaidh le haghaidh scrúdaithe chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Gearáin gan ainm
- Gearáin shuaibhreosacha nó cráiteacha nach gcuirfeadh isteach ar obair bhall fhoirne
- Gearáin a bhaineann le himeacht dlíthiúil

Ní thagann gearán faoi bhulaíocht/chiapadh a dhéanann mac léinn in aghaidh bhaill fhoirne faoi théarmaí na nósanna imeachta seo. Déileálfar leis na cúrsaí seo faoi théarmaí “Polasaí Frithbhulaíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc”.

Má bhíonn aon ghearán maidir le ciapadh a thagann faoi fhorálacha an “Acht Comhionannais Fostaíochta 1998” is féidir cás a ghlacadh faoi na forálacha san.

Céim 1 Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil

1.1

Má cheapann ball fhoirne go ndearnadh bulaíocht nó ciapadh orthu, ba cheart don duine sin láithreach, a rá leis an té atá freagrach éirí as an gciapadh. Is féidir go minic gur leor a mhíniú go soiléir nach bhfuil fáilte roimh an iompar seo gan briogadh, go gcuireann sé as dó nó di, go gcuireann sé isteach ar an obair atá ar siúl, go bhfuilid míchompordach leis an iompar sin.

Má theastaíonn ó dhuine gearán a dhéanamh ba cheart don ghearánaí coinne a dhéanamh leis an bhfreagróir agus an gearán a phlé leis an duine sin ionas gur féidir teacht ar réiteach. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh an gearánaí nótaí a dhéanamh, cuntas a choinneáil de gach eachtra bhulaíochta/chiapadh, dátaí, amanna a lua, agus ceist a chur ar fhinnéithe más ann dóibh, cuntas a choimeád chomh maith.

1.2

Má cheapann an gearánaí nach féidir aghaidh a thabhairt go díreach ar an bhfreagróir, an duine is cúis leis an iompar seo gan briogadh, deirtear, ba cheart go gcuirfidís ceist ar an “Duine/Daoine Ainmnithe” (DA) é seo a dhéanamh ar a shon, nó ar a son. I nGaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, déanfaidh an Bord Bainistíochta daoine cuí a fhaomhadh, tar éis comhairliúchán cruthaitheach bheith ann, agus comhaontú a leanann deagh-násanna an chaidrimh thionsclaíoch.

Beidh cead ag fostaí ar bith ón scoil a iarraidh ar an DA aon cheist a ardú le freagróir líomhaintí.

Sa chás seo ba cheart don DA bealach oibre rúnda, neamhchoimhlinteach a ghlacadh chuige féin ionas go bhféadfaí an cás a réiteach go ciúin neamhfhoirmiúil.

Mura dtagann deireadh leis an gciapadh, nó ar an gcéad dul síos (tar éis cúrsaí a phlé leis an DA) más ciapadh ar cheart é a thuairisciú, caithear dul ar aghaidh go céim 2.

Ba cheart go gcuirfí deireadh le céim 1 taobh istigh de chúig lá oibre ón uair a rinneadh teagmháil leis an DA ar an gcéad dul síos.

1.3

Cuirfear seirbhís chomhairleoireachta agus tacaíochta ar fáil don dá pháirtí atá i gceist sa ghearán de réir mar is cuí maidir leis na himeachtaí seo.

Céim 2 Nós Imeachta Fhoirmiúil

2.1

Is féidir go dtarlóidh nach gceapann an freagróir gur ceart teagmháil neamhfhoirmiúil a dhéanamh, agus téitear thar Chéim 1 nó, má tharlaíonn go leanann an ciapadh tar éis Céim 1, is ceart dul ar aghaidh agus na céimeanna foirmiúla i gCéim 2 a ghlacadh:

2.2.

Ba cheart don ngearánaí gearán oifigiúil i scríbhinn a dhéanamh leis an bPríomhoide, nó an Bord Bainistíochta. Ní ceart go rachadh an gearán thar na sonraí beachta a bhaineann le heachtraí iarbhír bhulaíochta.

2.3.

Ba cheart fógra scríofa a thabhairt do dhéantóir líomhaint na bulaíochta go ndearnadh líomhaintí bulaíochta faoi. Ba cheart cóip den ngearán a rinne an gearánaí a thabhairt don fhreagróir, agus a rá leis go mbeidh deis chothrom aige freagra a thabhairt ar na líomhaintí seo.

2.4

Ba cheart go ndéanfadh ball neamhspleách den bhainistíocht réamhscrúdú ar an ngearán ionas gur féidir an gníomh oiriúnach a dhéanamh faoi. Is féidir gurb é an cinneadh ceart ag an bpointe seo ná féachaint an féidir réiteach trí idirghabháil a chur i bhfeidhm, nó soiléiriú a dhéanamh maidir leis na fíorais a bhaineann leis na líomhaintí a bhunú. Beidh cead ag an ngearánaí agus ag an bhfreagróir, comhghleacaí oibre, nó fostaí/ionadaí cheardchumann iad a thionlacan má theastaíonn sin uathu.

2.5

Ba cheart go ndéanfaí gach iarracht an fiosrú dhéanamh is a thabhairt chun críche chomh tapa agus is féidir, taobh istigh d'achar ama comhaontaithe. Nuair a chríochnaítear an t-iniúchadh, ba cheart tuairisc scríofa a chur chuig an mBord Bainistíochta a léiríonn torthaí an fhiosrúcháin.

2.6

Ba cheart deis a thabhairt don dá thaobh ráiteas a thabhairt faoi na torthaí sula ndéanann an Bord Bainistíochta cinneadh faoi ghníomh.

2.7

Ba cheart tuairisc scríofa a thabhairt don ngearánaí agus don fhreagróir maidir le torthaí an fhiosrúcháin.

Céim 3 Toradh

3.1.

Má dhéanann an Bord Bainistíochta cinneadh go bhfuil bunús maith leis an ngearán, ba cheart an freagróir a chur faoi agallamh maidir leis an ngníomhaíocht is indéanta. Is féidir go gciallódh seo, mar shampla, go ndéanfaí comhairleoireacht a chur ar fáil, agus/nó monatóireacht, nó go gcuirfí an cás ar aghaidh chuig an chéad chéim eile den nós imeachta faoi chasaid agus smacht a bhaineann leis an ionad oibre.

3.2.

Má tharlaíonn nach bhfuil taobh amháin nó taobh eile sásta le torthaí an fhiosrúcháin, is féidir an cheist a phróiseáil trí na gnáthchórais caidrimh thionsclaíoch.

3.3.

Chomh fada agus a bhaineann sé leis an bhfoireann teagaisc, leanfar an córas smachta fhaofa atá ann cheana féin a bhaineann le líomhaintí bulaíochta/ciaptha, bídis substaintiúil nó cráiteach, nuair a ídítear gach modh oibre foirmiúil eile de réir mar a leagtar amach sna Nósanna Imeachta seo maidir le déileáil le heachtraí bulaíochta.

3.4.

Chomh fada agus a bhaineann le fostaithe nach baill den fhoireann teagaisc iad, leanfar an cód smachta san Ordú um an Acht Caidrimh Thionscail, (Cód Cleachtais um Nósanna Imeachta maidir le Gearáin agus Araíonacht).

Leanfar an cód seo a bhaineann le líomhaintí bulaíochta/ciaptha, bídis substaintiúil nó cráiteach, nuair a ídítear gach modh oibre foirmiúil eile de réir mar a leagtar amach sna Nósanna Imeachta seo maidir le déileáil le heachtraí bulaíochta.

3.5.

Tá an fhreagracht faoi pé beart araíonachta a ghlactar ag deireadh cúrsa ar an mBord Bainistíochta. Ba cheart na socrúithe conartha atá i bhfeidhm maidir leis na cúrsaí seo a chur san áireamh maidir le pé beart araíonachta a ghlactar.

Céim 4. Tacaíocht agus Cosaint

Déanfar an fhoireann a chosaint ó imeaglú, ó íospairt agus ó leithcheal toisc go ndearna aon duine acu gearán nó toisc gur chabhraigh baill le hiniúchadh. Breathnófar ar aon eachtra fhrithbhirt in aghaidh baill fhoirne toisc go ndearna sé nó sí gearán maidir le bulaíocht nó ciapadh, mar chion araíonachta. Má dhéanann ball fhoirne gearán mailíseach, breathnófar air mar mhí-iompar, faoin gcód smachta a bhaineann leis na cúrsaí seo.

Céim 5. Cabhair i gCásanna Ciaptha

5.1.

Cuirfear gach cabhair ar fáil má lorgaítear í, don íospartach a d'fhulaing bulaíocht nó ciapadh, déileáil leis an fhadhb, agus má iarrtar é, cuirfidh An Bord Bainistíochta áiseanna comhairleoireachta ar fáil.

5.2.

Is féidir go gcuirfear ceist orthu sin a rinne bulaíocht nó ciapadh freastal ar chomhairleoireacht ionas nach dtarlóidh tuilleadh eachtraí ciaptha. Ba cheart go mbeadh ar a laghad trí sheisiúin chomhairleoireachta, agus sé chinn ar a mhéad. Is féidir go gcuirfidh An Bord Bainistíochta na háiseanna comhairleoireachta seo ar fáil.

5.3.

Ba cheart go ndéanfaí tuairisc shoiléir scríofa a choinneáil de na nithe seo leanas ag gach aon chéim den nós imeachta maidir le gearáin a dhéanamh:

- Pé iniúchadh a rinneadh
- Gach aon chumarsáid chuig nó ón ngearánaí/freagróir/imscrúdaitheoirí/bainistíocht/An Bord Bainistíochta
- Na céimeanna agus na cinntí éagsúla a glacadh

5.4.

Má dhiúltaítear do ghearán, nó má mheastar nach bhfuil aon bhonn leis, cuirfear ráiteas dá réir i gcomhad oibre an ghearánaí, agus bainfear aon tagairt dá shórt de chomhad pearsanra an fhreagróra. Cuirfear gach comhad eile isteach sa chonclúid deiridh le toradh an fhiosrúcháin.

5.5.

Má dhearbhaíonn an chonclúid deiridh le toradh an fhiosrúcháin gur fíor don ghearán, cuirfear ráiteas dá réir i gcomhad/ cuntas oibre an fhreagróra, gur seasadh leis an gcinneadh glacadh leis an ngearán.

Dul Chun Cinn

Tá sé á bheartú againn go ndéanfar na cleachtais fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a bhaineann leis an gcód smachta san Ordú um an Acht Caidrimh Thionscail, (Cód Cleachtais um Nósanna Imeachta maidir le Gearáin agus Araíonacht) a iniamh i gcairt “Dínit san Ionad Oibre” Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc.

Forbairt Polasaí agus Infhaighteacht

Déanfar an polasaí maidir le Dínit san Ionad Oibre a fhorbairt i gcomhar leis an fhoireann iomlán oibrithe a fhostaítear i nGaelscoil Eoghain Uí Thuairisc.

Tá an fhreagracht maidir le cur i bhfeidhm an pholasaí seo ar Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc.

Caithfidh gach aon bhall den fhoireann glacadh le Cairt agus Polasaí “Dínit san Ionad Oibre”.

Tosca Ratha

Is é an rud is tábhachtaí maidir le hiompar bulaíochta ná go dtabharfaí tús áite do shonas agus do leas na foirne. Ba cheart féachaint chuige nach mbíonn aon bhaint ag bulaíocht san ionad oibre le héirí as aon bhall den fhoireann.

Athbhreithniúchán agus Measúnú

Ba cheart athbhreithniúchán agus measúnú a dhéanamh go rialta ar an nós imeachta maidir le gearáin a dhéanamh.

Reachtaíocht/Promhadh ó Thaobh an Chomhionannais De

Ba cheart go ndéanfadh dlíodóir a bhfuil oilteacht air nó uirthi maidir leis na cúrsaí seo an dréachtpholasaí “Dínit san Ionad Oibre” a fhaomhadh, chomh maith le leasuithe, athruithe nó aguisíní a chuirtear leis níos déanaí. Caithfear gach aon chuid de a chur os comhair an Bhoird Bainistíochta le go dtabharfaí formheas críochnaitheach dó. Má dhéantar leasuithe ar an nós imeachta, breathnófar orthu mar chuid den chód agus cuirfear an fhoireann ar an eolas maidir leo.

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc

Polasaí faoi Ghnéaschiapadh

Tá Bord Bainistíochta Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc tiomanta don phrionsabal go mbeidh timpeallacht atá saor ó ghnéaschiapadh agus a spreagfaidh sláine agus dínit an duine aonair ar fáil sa scoil.

Leanann sé seo éiteas na scoile a dhéanann dícheall pobal scoile atá cothrom, comhionann, comhbhách a bhunú.

Glacann an Bord Bainistíochta leis gur féidir leis an gciapadh gnéasach dochar an-mhór a dhéanamh do dhálaí sóisialta agus oibre na foirne agus na mac léinn. Tuigeann an Bord Bainistíochta leis, gur féidir leis an gciapadh gnéasach an bonn a bhaint de mhuintín agus de dhínit an duine aonair, agus go dtarlaíonn teannas, strus, easpa muintíne, tinneas agus neamhláithreachas dá bharr.

Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc gur ceart go mbeadh timpeallacht atá saor ó ghnéaschiapadh ag fostaithe, agus táid tiomanta d'fhéachaint chuige go mbeidh an ceart seo ag foireann agus mic léinn araon.

Déanfar déileáil le gearáin maidir le ciapadh gnéasach ar bhealach dáiríre, íogair, faoi rún.

- Má fhulaingíonn mac léinn ciapadh gnéasach, caithfear an eachtra seo a chur in iúl don DA, a chuirfidh tuairisc chuig an bPríomhoide le go ndéanfaí fiosrúchán fúithi.
- Tá ciapadh gnéasach a dhéanadh ball foirne ar bhall eile in aghaidh an pholasaí seo, agus ní ghlacfar léi
- Tá ciapadh gnéasach a dhéanadh mac léinn ar mhac léinn eile in aghaidh an pholasaí seo, agus ní ghlacfar léi. Déileálfar leis an ngearán seo faoin gCód Smachta
- Tá ciapadh gnéasach a dhéanadh mac léinn ar bhall foirne in aghaidh an pholasaí seo, agus ní ghlacfar léi. Sa chás seo déileálfar leis an ngearán faoin gCód Smachta
- Tá ciapadh gnéasach a dhéanadh ball foirne ar mhac léinn in aghaidh an pholasaí seo, agus ní ghlacfar léi. Déanfar déileáil leis an ngearán seo faoin Nós Imeachta Fhoirmiúil.

Tá feidhm ag gach fostaí féachaint chuige go gcruthaítear timpeallacht oibre a bhíonn saor go hiomlán ó chiapadh gnéasach ar bith. Caithfidh gach duine aonair tuiscint bheith acu maidir le haon iompar pearsanta a d'fhéadfadh cur isteach ar bhaill foirne eile agus míchompord a chur orthu nó bagairt a dhéanamh orthu.

Chomh maith le hiompar nach mbeadh ionsaitheach ar aon bhealach, ba cheart go léireodh fostaithe go soiléir do bhaill eile nach nglactar le ciapadh gnéasach san ionad oibre, agus ba cheart dóibh tacú le comhghleacaí ar bith a bheadh ag fulaingt ó chiapadh gnéasach.

Níl ar intinn ag an bpolasaí seo cur isteach ar an ngnáthghaol folláin a bhíonn le sonrú i measc phobal na scoile, ach chun timpeallacht oibre slán measúil a chruthú don fhoireann agus do na mic léinn.

Sainmhíniú:

Éard is gnéaschiapadh ann ná aon chineál iompair bhriathartha, neamhbhriathartha nó fisiceach, nó síceolaíoch de ghné ghnéasach arb é is cuspóir leis nó arb é a bhíonn d'éifeacht leis dínit daoine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, tháirchémneach, náireach nó gráiniúil a chruthú don duine.

Gnéaschiapadh Neamhbhriathartha Ar Nós

- Iompar nach dteastaíonn maidir le taispeántais phornagrafach, pictiúir nó ábhar eile á chur ar taispeántas nó á scaipeadh
- Iompraíocht gháirsiúil
- Focail i scríbhinn de ghné ghnéasach nach bhfuil fáilte rompu
- Cumarsáid leictreonach ghnéaschiapach nach bhfuil fáilte roimpi

Gnéaschiapadh Briathartha Ar Nós

- Tarcaisní maslacha magúla nó caidéiseacha a bhaineann le hinscne
- Caint gháirsiúil ghnéis, leathfhocail ghnéis, greanntaíocht gháirsiúil a dhéanamh
- Glaonna fóin de chineál ghnéis
- Claontagairtí gáirsiúla maidir le dealramh duine, nó le claonadh gnéasach
- Fabhair ghnéis a bheith á n-iarraidh

Gnéaschiapadh Fisiceach Ar Nós

- Teagmháil fhisiceach de chineál gnéis/liomóg a bhaint as duine/pógadh/láimhseáil nach bhfuil fáilte roimhe

Nós Imeachta Chun Déileáil le Gearáin Faoi Ghnéaschiapadh

Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil

Má cheapann baill den fhoireann go bhfuil ciapadh gnéasach á imirt orthu ba cheart dóibh ceist a chur ar an bhfreagróir éirí as an iompar sin. Ba cheart go ndéanfadh an gearánaí a rá go soiléir leis an bhfreagróir nach bhfuil fáilte roimh an iompar seo, gur ionsaí atá ann a chuireann sé isteach air, agus ar a chuid oibre.

Má cheapann an gearánaí nach féidir aghaidh a thabhairt go díreach ar an bhfadhb leis an bhfreagróir, is féidir go ndéanfaí ceist a chur ar chomhghleacaí báúil an chéad teagmháil a dhéanamh ar a shon, nó ar a son.

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh an gearánaí cuntas a choinneáil de gach eachtra ciaptha, dátaí, amanna a lua, agus ceist a chur ar fhinnéithe más ann dóibh, cuntas a choimeád chomh maith.

Murar féidir an cheist a réiteach go neamhfhoirmiúil, nó má mheastar go mbeadh sé neamhfhoirsteanach í a réiteach go neamhfhoirmiúil, ba cheart an cheist a ardú tríd an Nós Imeachta Fhoirmiúil.

Nós Imeachta Fhoirmiúil

Murar féidir an cheist a réiteach go neamhfhoirmiúil, ba cheart go ndéanfadh an gearánaí gearán foirmiúil i scríbhinn a chur faoi bhráid an Phríomhoide. Beidh an fhreagracht ar an bPríomhoide na cúrsaí seo a fhiosrú thar cheann an Bhoird Bainistíochta.

Ba cheart go ndéanfaí an fiosrúchán a chur i bhfeidhm gan aon mhoill, ar bhealach rúnda íogair, bealach a léireoidh meas ar chearta an ghearánaí agus an fhreagróra le chéile.

Tá an fhreagracht ar an mBord Bainistíochta maidir le haon bheart araíonachta a chuirfí i bhfeidhm.

Má tharlaíonn gurb é an Príomhoide féin an gearánaí nó an freagróir, ba cheart na cúrsaí sin a chur faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

Déanfaidh an Príomhoide agus duine eile a roghnóidh sé nó sí agus atá ar aon ghnéas leis an ngearánaí, an fiosrúchán foirmiúil a réachtáil.

Cuirfear in iúl don fhreagróir go ndearnadh gearán foirmiúil ina leith, go bhfuiltear á fhiosrú thar cheann an Bhoird Bainistíochta agus bronnfar cóip scríofa de na líomhaintí foirmiúil ar an duine sin.

Reáchtálfaidh an Príomhoide comhchruinnithe nó cruinnithe ar leith le dhá pháirtí na líomhaintí féachaint an féidir teacht ar réiteach na faidhbe.

Beidh cead ag an ngearánaí agus ag an bhfreagróir chomh maith, comhghleacaí amháin nó ionadaí ón cheardchumann bheith leo ag na cruinnithe seo, agus déanfar taifead orthu.

Má bhíonn réiteach ar fáil, agus má bhíonn an dá pháirtí sásta leis an réiteach seo, cuirfidh an Príomhoide in iúl don Bhord Bainistíochta i scríbhinn é.

Mura mbíonn aon réiteach sásúil ar fáil, cuirfidh an Príomhoide in iúl don Bhord Bainistíochta an toradh a bhí leis an bhfiosrúchán, ar cloíodh leis an ngearán, an raibh sé gan bhunús, nó an gearán mailíseach a bhí ann. Cuirfear an tuairisc seo ar fáil do na páirtithe éagsúla a bhí bainteach leis an bhfiosrúchán.

Nuair a thugtar bunús do ghearán, beidh aon bheart araíonachta a dhéanann an Bord Bainistíochta ag brath ar mhéid agus ar nádúr an gnéaschiapadh.

Is féidir cinntí mar seo a ghlacadh:

- Rabhadh ó bhéal a thabhairt
- Rabhadh scríofa
- Rabhadh deiridh

- Fionraíocht ón obair le pá nó gan phá
- Gníomh araíonachta eile seachas dífhostú
- Dífhostú

Má mholtar gníomh araíonachta tar éis eachtra líomhaintí ghnéaschiapadh, beidh ceart achomhairc agus ceartas aiceanta ag an bhfreagróir go fóill.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach iarracht an fhoireann a chosaint ó imeaglú, ó íospairt agus ó leithcheal, aon uair a dhéantar líomhaintí nó gearáin agus de réir mar a bhíonn fostaithe páirteach i bhfiosrúcháin atá á dhéanamh maidir leis na cúrsaí sin.

Breathnóidh an Príomhoide agus an Bord Bainistíochta air mar ábhar tromchúiseach aon uair a dhéantar gearáin mhailíseacha maidir le gnéaschiapadh.

Déanfar gach iarracht comhairleoireacht a chur ar fáil do na híospartaigh a fhulaingíonn, agus do lucht déanta an gnéaschiapadh.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an dréacht seo don chéad uair i Mí an Mheithimh 2010.

An leagan seo : 10/03/2014

Dáta Athbhreithnithe: Earrach 2016

Síniú _____ Thar Cheann an Bhoird.

Dáta: _____